Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

# PLEAN CORPORÁIDEACH 2014-2016

# CLÁR NA nÁBHAR


Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Cuid le cur- Forléargas ar Obair an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (An FCSAE)

Cuid a Dó - Athbhreithniú ar Fheidhmíocht ó thaobh Phlean Corparáideach

2011-2013 Cuid a Trí - Aithint Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí don Tréimhse

2014-2016 Cuid a Ceathair - Acmhainní a Sholáthar don Phlean agus

Coigilteas Éifeachtulachta a Bhaint Amach Cuid a Cúig - Monatóireacht agus

Meastóireacht a dhéanamh ar an bPlean agus é a Chur in Iúl


**IARSCRÍBHINNÍ:**


A- Cur Síos Mionsonraithe ar Chuspóirí Gnó agus Gníomhaíochtaí

don tréimhse 2014-16 B - Cairt Eagrúcháin

C - Buiséid Mholta £ agus € D

- Tábla Éifeachtachta

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is cúis áthais dom Plean Corparáideach an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (An FCSAE) do na blianta 2014-2016 a chur i láthair. Tá aidhmeanna lárnacha agus cuspóirí an FCSAE do na trí bliana amach romhainn leagtha amach ann. Cuimsíonn an plean an t-aistriú ó chlárthréimhse amháin (2007-2013) go dtí an chéad cheann eile (2014-2020) ó thaobh chláir an Aontais Eorpaigh SÍOCHÁIN agus INTERREG.

Mar gheall ar an chaoi a bhfuil cúrsaí eacnamaíocha faoi láthair agus an gá atá le níos mó a sholáthar le hacmhainní níos lú san earnáil phoiblí; tá an dá mhórbhua maidir le luach ar airgead agus cleachtais éifeachtúla oibre neadaithe inár bhfís straitéiseach fhoriomlán, faoi mar atá leagtha amach sa phlean seo.

Beimid dírithe go príomha san am atá le teacht, ar leanúint ar aghaidh le bainistiú éifeachtach Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas agus Clár Trasteorann an AE um Chomhar Críochach.

Bhí tionchar inbhraite ag an dá chlár sin, atá tiomanta go hiomlán anois, ar shaol na gcéadta míle duine atá ina gcónaí ar fud Thuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Maidir leis na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh faoi na cláir sin, tá oidhreacht fhada bhuan á cruthú acu sa chaoi go mbeidh tionchar dearfach claochlaithe acu ar feadh na mblianta fada.

Cuireadh €333 milliún ar fáil do Chlár SÍOCHÁIN III an AE trínar cuireadh tacaíocht ar fáil do réimse leathan tionscadal lena n-áirítear go leor, tionscadail tógála caipitil ar scála mór; do thionscnaimh shíochána agus athmhuintearais ar fud an réigiúin ; chomh maith leis na mílte tionscadal níos lú atá dírithe ar phobail áitiúla is atá ag cabhrú chun seicteachas a chomhrac agus ciníochas a shárú. Rinne an réimse tacaíochtaí seo atá thar a bheith éagsúil treisiú ar shíocháin agus ar chobhsaíocht agus thacaigh siad le leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas síochána ar fud Thuaisceart Éireann agus ar fud Réigiún Teorainn na hÉireann.

Chuidigh an Clár €256 mhilliún INTERREG IVA le tacaíocht a raibh géarghá léi a sholáthar do réimse leathan tionscadal agus tionscnamh. Cuimsíonn an clár roinnt earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúrsaí fiontair, turasóireachta, cúram sláinte, comhshaol agus bonneagar agus bhí sé in ann chun cur le rathúnas agus inbhuanaitheacht foriomlán a

limistéir incháilithe iomlán. Tosóidh deireadh ag teacht le go leor de na tionscadail a maoiníodh faoi SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA in 2014, sa chaoi go gcuirfear tús leis na cláir SÍOCHÁIN IV agus INTERREG VA; agus beidh a dtacar féin d'aidhmeanna agus de chuspóirí ag gach ceann acu. Táimid ag cabhrú faoi láthair chun ábhar, struchtúr agus spriocanna foriomlána na gclár a fhorbairt.

Cuireadh tús leis an bpróiseas go déanach in 2012 nuair a d'iarr Ballstáit na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann orainn ábhar na gclár nua a ullmhú de réir ár sainchúraim reachtúil. Ghlac breis agus 1,000 rannpháirtí páirt sa chleachtadh comhairliúcháin a cuireadh ar siúl leis an bpobal i gcoitinne agus fuair an FCSAE líon suntasach aighneachtaí i scríbhinn ó réimse leathan páirtithe leasmhara.

Táthar ag súil go gcuirfear bailchríoch ar an bpróiseas comhairliúcháin go luath in 2014 agus go mbeidh dréachtchlár oibriúcháin ullamh lena fhaomhadh ag feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, agus i gcás an Chláir INTERREG, ag Rialtas na hAlban freisin.

Cuirfear na cláir seo go foirmiúil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena bhformheas in 2014, d'fhonn a áirithiú go mbeidh na cláir 'ar oscailt le haghaidh gnó' sa chuid dheireanach de 2014. Tá go leor daoine aonair, comhlachtaí éagsúla na hearnála poiblí agus eagraíochtaí eile ag cabhrú leis an FCSAE chun aidhmeanna agus cuspóirí na gClár atá maoinithe ag an AE a bhaint amach.

Ba mhaith liom a rá cé chomh buíoch is a bhím i gcónaí do bhaill ár gCoistí Monatóireachta agus Stiúrtha, le gach ceann de na Ranna Freagracha thuaidh agus theas, le Rialtas na hAlban, agus ar ndóigh lenár Ranna Urraíochta féin, an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bPoblacht na hÉireann.

Ba mhaith liom freisin a chuir in iúl go háirithe an t-ardmheas atá agam ar bhaill foirne an FCSAE. Murach iad ní bheimis in ann an Plean Corparáideach nua atá againn a chur ar fáil.



Pat Colgan,
Príomhfheidhmeannach
Foras Um Chláir Speisialta an AE

# CUID A

## FORBHREATHNÚ AR OBAIR AN FCSAE

## Ráiteas Misin an FCSAE:

***"Cláir mhaoinithe a bhainistiú go héifeachtach agus a chur i bhfeidhm thar ceann an dá Rialtas a bhfuil sé d'aidhm acu feabhsúcháin shóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil do mhuintir Thuaisceart Éireann, na hÉireann agus codanna d'Iarthar na hAlban trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach."***

## Ráiteas Físe an FCSAE:

***"Oibreoidh an FCSAE mar ghníomhaire iontaofa an dá rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh i mbainistiú agus i soláthar clár a chuireann le leas eacnamaíochta agus sóisialta an réigiúin. Beidh luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na hinrochtaineachta le sonrú i ngach gné dá chuid oibre."***

## Ár dTreoirphrionsabail:

Cur síos iad sin ar chroílár ár modhanna oibre. Sainíonn siad ár gcultúr agus ár mbunáitiúis agus tá siad leabaithe go daingean inár gcuspóirí straitéiseacha agus gnó atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach seo. Forbraíodh ár bprionsabail threoracha trí dhul i gcomhairle le baill foirne agus tríd an timpeallacht dhinimiciúil ina bhfuilimid ag feidhmiú a chur san áireamh.

- ***Ionracas airgeadais***
- ***Dírithe ar Chustaiméirí agus ar Pháirtithe Leasmhara***
- ***Comhionannas deiseanna agus rochtana do chách***
- ***Éifeachtúlacht agus luach ar airgead***
- ***Trédhearcacht agus oscailteacht ó thaobh rialachais de***
- ***Comhoibriú, roinnt agus foghlaim***
- ***Meas ar chách***

## RÉAMHRÁ

Leagann an Plean Corparáideach amach na gníomhaíochtaí a chuirfidh an Foras i gcrích sa tréimhse 2014-16 chun tacú le cur i bhfeidhm a fhíse, a straitéisí agus a chuspóirí gnó faoi mar a cinneadh iad ina shainchúram reachtúil. Tá spriocanna sonracha agus táscairí feidhmíochta intomhaiste leagtha síos sa Phlean Corparáideach do gach cuspóir gnó an FCSAE chomh maith leis na buiséid agus na socruithe foirne.

D'éirigh le FCSAE na cuspóirí agus na spriocanna a bhaint amach a bhí leagtha amach ina Phlean Corparáideach 2011-2013 agus ina Phleananna forlíontacha Gnó. D'fhonn tógáil ar bhunsraith an dul chun cinn sin díreofar sa tréimhse 2014-16 ar bhainistiú agus ar chur i bhfeidhm Clár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA, chomh maith le freagrachtaí eile atá orainn faoi Chláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha INTERREG. Tá sé de dhualgas ar an FCSAE trí bhíthin na reachtaíochta a bhaineann leis, comhairle a chur ar an dá Bhallstát maidir le cláir thrasteorann agus cláir ghaolmhara eile sa todhchaí de réir mar atá ullmhúcháin á ndéanamh do thréimhse maoinithe eile an AE a gcuirfear tús léi in 2014.

## SOCRUITHE RIALACHAIS AGUS FREAGRACHTAÍ REACHTÚLA

Is é an FCSAE an Comhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú 1999 idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (An Comhaontú).  Sonraíodh sa Chomhaontú go gcuirfidh an FCSAE na beartais chun feidhme faoi mar a ordóidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) faoi mar a shonraítear san Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus san Acht um Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999, arna leasú.

Comhlíonann an FCSAE a chuid feidhmeanna de réir an Mheabhráin Airgeadais agus de réir comhaontuithe eile lena Ranna Urraíochta. Dearadh an Meabhrán Airgeadais lena chinntiú go n-úsáidfear airgead poiblí i gceart agus tá nósanna imeachta airgeadais agus socruithe freagrachta ann a rialaíonn an caidreamh oibriúcháin agus airgeadais idir an FCSAE agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (DFP) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sna róil atá acu mar urraitheoirí agus Ranna Airgeadais.

Gheobhaidh an FCSAE deontais airgid a vótálfaidh Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil

Éireann.  Déanfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), le faomhadh na beirte Airí Airgeadais/Caiteachais Phoiblí, moltaí faoi mhéideanna na ndeontas sin. Gheobhaidh an FCSAE airgead chomh ón gCoimisiún Eorpach, le haghaidh íocaíochtaí na gclár sainithe. Déantar na cistí a thaifeadadh laistigh de vótaí na ranna rialtais cuí.

Ní mór don FCSAE Plean Corparáideach trí bliana agus Plean Gnó bliantúil a ullmhú. Tá na pleananna go léir faoi réir cheadú an CATT, lena n-áirítear an bheirt Airí Airgeadais/Caiteachais Phoiblí. Ní mór don Fhoras chomh maith Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil faoina ghníomhaíochtaí mar aon le Ráiteas Cuntas. Scrúdaíonn agus deimhníonn Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann é.

Cuirtear cóipeanna den tuarascáil faoi bhráid an CATT agus leagtar iad faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireachtais.

Ar aon dul le dea-chleachtas, cuirtear bailchríoch ar an gcóras neadaithe um bainistíocht riosca nuair a thugann an Príomhfheidhmeannach Ráiteas Dearbhaithe bliantúil. Beidh an FCSAE freagrach do Choiste Iniúchóireachta feabhsaithe ar a mbeidh Cathaoirleach neamhspleách agus Ballraíocht neamhspleách, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag feabhsú a gcóras um rialachas corparáideach agus bainistíochta riosca agus é ag iarraidh cuspóirí corparáideacha an Fhorais a bhaint amach.

## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Is é an CATT a cheapann Príomhfheidhmeannach an FCSAE. Is é an Príomhfheidhmeannach an té atá freagrach as an FCSAE agus tá sé freagrach as gach ní a bhaineann le dea-rialachas agus rialtacht airgeadais agus as gach rud a bhaineann le riar stuama agus eacnamaíoch na heagraíochta.

Tá Ceanncheathrú an FCSAE suite i mBéal Feirste agus tá dhá oifig bhreise aige atá suite san Ómaigh agus i Muineachán.

## PRÍOMHRÓIL EAGRAÍOCHTÚLA

Is é príomhról an FCSAE Cistí Struchtúracha chláir trasteorann an Aontais Eorpaigh a bhainistiú i dTuaisceart Éireann, i Réigiún Teorann na hÉireann agus codanna d'Iarthar na hAlban.

**Cláir atá ann faoi láthair (2007-2013)**

Is iad an dá chlár atá ann faoi láthair (2007-2013) Clár an Aontais Eorpaigh um Shíocháin agus Athmhuintearas (ar a dtugtar an Clár SÍOCHÁIN III) agus Clár Trasteorann an Aontais Eorpaigh um Chomhar Críche (Clár INTERREG IVA).

**SÍOCHÁIN III**

Is é €333 milliún leithdháileadh iomlán airgeadais Chlár an AE um Shíochain agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn 2007-2013 (SÍOCHÁIN III), lena n-áirítear €225 mhilliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) an AE. Tá príomhchuspóir an Clár dírithe ar an dul chun cinn a threisiú i dtreo sochaí síochánta agus cobhsaí agus athmhuintearas a chur chun cinn.

**INTERREG IVA**

Tá €256 milliún leithdháilte don Chlár um Chomhar Críche Trasteorann 2007-2013 (INTERREG IVA) agus cuimsíonn sé €193 mhilliún de chistí CFRE an AE. Is é príomhaidhm an Chláir seo tacú le comhoibriú straitéiseach trasteorann chun go mbeidh an réigiún níos rathúla agus níos inbhuanaithe.

D'fhaomh an Coiste Stiúrtha maoiniú do thionscadail incháilithe go luach iomlán an dá chlár agus leanfaidh an FCSAE ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur chun feidhme na dtionscadal lena chinntiú go gcomhlíonann siad na spriocanna caiteachais agus go gcuirfidh siad na haschuir a aontaíodh ar fáil. Ag an gcéim seo de shaolré an chláir tá roinnt tionscadal críochnaithe agus tá an FCSAE ag ullmhú na dtionscadal sin anois do phróiseas a ndúnta.

Tá obair an FCSAE roinnte i gceithre phríomhréimse agus iad ag bainistiú na gclár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA:

**1. Údarás Bainistíochta -** trína bhfuil freagracht fhoriomlán acu faoi rialachán an AE EC

1080/2006 maidir le bainistiú agus cur chun feidhme na gClár Oibriúcháin.  Tá roinnt freagrachtaí ag baint leis, agus áirítear leo na cinn seo is déanaí:

- Nósanna imeachta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu lena chinntiú gur tabhaíodh an caiteachas go cuí agus go dleathach, gur éilíodh é is gur íocadh é;
- Córais a chothabháil chun sonraí a stóráil maidir le gach gné de chur chun feidhme na gclár lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, iniúchadh, monatóireacht agus meastóireacht;
- A chinntiú go ndéantar meastóireacht chuí ar na cláir;
- Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha deiridh a ullmhú ar chur chun feidhme; agus
- A chinntiú go bhfuil na ceanglais faisnéise agus poiblíochta á gcomhlíonadh a ceapadh de bhun Rialachán Eorpach.

**2.  An Chomhrúnaíocht Theicniúil (CRT)** - a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm Clár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA ó lá go lá, agus a thacaíonn leis an Údarás Bainistíochta agus leis na Príomh-chomhpháirtithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail. Bhí an tAonad um Thacaíocht Clár freagrach as measúnú tionscadal; as seirbhísí rúnaíochta a sholáthar don Choiste Stiúrtha; as conarthaí a eisiúint d'iarratasóirí rathúla; agus tá sé ag díriú faoi láthair ar mhonatóireacht tionscadal.

**3.  Seirbhísí Corparáideacha** - ina n-ionchorpraítear réimse ról éagsúil a thacaíonn le cur chun feidhme na gclár. Tá foirne Cumarsáide, TFC agus Acmhainní Daonna an FCSAE go léir ina gcuid de Sheirbhísí Corparáideacha.  Cuid lárnach den stiúrthóireacht is ea **an tÚdarás Deimhniúcháin**.

Tá **an tÚdarás Deimhniúcháin** freagrach as gach éileamh ar chaiteachas a chuirtear faoi bhráid Choimisiún an AE a dheimhniú agus a chinntiú go bhfuil siad incháilithe faoi Rialacha Náisiúnta an AE. Déanann sé rialú freisin ar shreabhadh airgid an chláir, lena n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh le príomh-chomhpháirtithe, tarraingt anuas cistí ón gCoimisiún Eorpach agus aisíocaíochtaí ina dhiaidh sin le gach Ballstát.

**INTERREG IV Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach**

Chomh maith leis an méid thuas, tá ról ag FCSAE chun rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sna cláir INTERREG IVB agus IVC a uasmhéadú:

- Clár Iarthuaisceart na hEorpa
- Clár Limistéar an Atlantaigh
- Clár an Fhorimill Thuaidh
- Clár Idir-réigiúnach INTERREG IVC

Tá baint ag an FCSAE leis na cláir sin de thoradh an róil atá aige maidir le monatóireacht agus fíorú a dhéanamh ar chaiteachas tionscadal atá ar siúl i dTuaisceart Éireann.

## CLÁIR A FHORBAIRT I nDIAIDH 2014

De thoradh an tsainchúraim reachtúil atá aige, tugadh mar chúram dó comhairle a chur ar an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) agus ar Rialtas Thuaisceart Éireann agus ar Rialtas na hÉireann maidir le hullmhú Chláir an AE amach anseo. Fuair an FCSAE iarratas foirmiúil ón an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (DFP) agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tús a chur le hobair forbartha ar chlár trasteorann INTERREG don am atá le teacht agus ar chlár SÍOCHÁIN amach anseo.

Leanfaidh an FCSAE ar aghaidh ag comhlíonadh an róil mar údarás bainistíochta agus údarás deimhniúcháin na gclár nua, cé nach bhfuil bailchríoch curtha fós ar na struchtúir trína gcuirfear i bhfeidhm iad. Nuair a leagfar amach córas riaracháin na gclár beidh sé mar phríomh-bhunchloch a chinnteoidh nádúr an róil agus na gníomhaíochtaí a bheidh ar FCSAE a dhéanamh i rith na tréimhse pleanála corparáidí seo. Tá na socruithe sin á bhforbairt faoi láthair i gcomhar leis na Ranna Airgeadais, agus déanfar na feidhmeanna agus na seirbhísí sin a bheidh ar FCSAE a chomhlíonadh a leagadh síos i ngach plean gnó bliantúil de réir mar a chuirfear bailchríoch ar na socruithe.

# CUID A DÓ

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

## ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA Ó THAOBH PHLEAN CORPARÁIDEACH 2011-2013

Tá athbhreithniú gearr sa chaibidil seo ar fheidhmíocht an FCSAE ó thaobh na spriocanna intomhaiste a bhfuil cur síos orthu i bPlean Corparáideach 2011-2013 an FCSAE. D'éirigh thar cionn leis an FCSAE na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2011-2013 a bhaint amach. Tá achoimre ar na príomhthorthaí ó thaobh gach ceann de na ceithre phríomhchuspóir chorparáideacha leagtha amach thíos agus lastall.

### 1. Cur i bhfeidhm na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA

*A áirithiú go ndéanfar na Cláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach lena chinntiú go mbainfear amach cuspóirí na gClár agus go ndéanfar a dtionchar a uasmhéadú sna réigiúin.*

Is é an FCSAE atá freagrach as an gcaiteachas poiblí a bhaineann le SÍOCHÁIN III agus le INTERREG IVA a bhainistiú go héifeachtach. Tá sé tar éis struchtúir agus córais shoiléire a bhunú lena áirithiú go gcloífear leis na caighdeáin bhainistíochta airgeadais is airde. Tá 304 thionscadal ceadaithe go dtí seo a raibh luach €577.3m acu san iomlán.

Maidir leis an gClár SÍOCHÁIN III, baineadh amach na spriocanna N+2 le haghaidh 2011 agus 2012, a raibh caiteachas iomlán carnach €163.3m agus barrachas €26.1m ag baint leo. Léiríonn na réamhaisnéisí reatha go mbainfear amach sprioc charnach N+2 €193.1m na bliana 2013 (sprioc bhliantúil €29.7m) ach ó bheidh spriocanna bliantúla N+2 méadaithe in 2014 (€56.9m), agus go háirithe in 2015 (€82.9m) beidh dúshláin le sárú agus caithfear farasbarr a chruthú le linn 2013 lena thabhairt ar aghaidh go dtí na blianta sin.

Maidir leis an gClár INTERREG IVA, baineadh amach spriocanna N+2 in 2011 agus in +2012, b'fhiú €106.6m an caiteachas carnach iomlán a taifeadadh mar aon le barrachas €3.5m. Léiríonn réamhaisnéisí reatha go mbeidh sé deacair sprioc charnach N+2 €146.4m a bhaint amach in 2013, agus tá bearta cuí á gcur i bhfeidhm chun aon bhaol nach mbainfear amach an sprioc sin a mhaolú.

Tá méadú suntasach ar sprioc N+2 do na blianta amach anseo i gcomparáid le spriocanna na blianta roimhe seo. Ciallaíonn an méadú sa sprioc bhliantúil go bhféadfadh riosca a

bheith ann maidir le baint amach riachtanais na mblianta 2014 - 2015. Dúshlán suntasach a bheidh ann riachtanas SÍOCHÁIN III

in 2015 (€82.9m) a bhaint amach. Chun go mbainfear amach riachtanas na bliana 2015, beidh sé riachtanach leibhéal suntasach barrachais a charnadh in 2013 agus 2014.

Ar leibhéal na dtionscadal de, rinne an t-aonad rialaithe airgeadais fíorú ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí tionscadail in 2011, 2012 agus 2013. Rinneadh seiceálacha agus iniúchadh córas ar phríomh-chomhpháirtithe gach bliain agus coinníodh na córais chuí chun gníomhaíocht neamhrialta a aithint agus a thuairisciú.

**Riachtanais Faisnéise a Shásamh**

Ar aon dul le ceanglais an AE, chruthaigh agus d'fhorbair an FCSAE Tuarascálacha Forfheidhmithe Bliantúla de réir scálaí ama an Choimisiúin. Cuireadh tuarascálacha na mblianta 2011 agus 2012 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus glacadh leo.

Cuireadh réimse tionscadal meastóireachta agus taighde i bhfeidhm freisin nó tá siad ar siúl faoi láthair lena chinntiú go bhfuil na cláir á bhfeidhmiú go héifeachtach. San áireamh sa taighde a rinneadh bhí Measúnuithe Meántéarma; Anailís ar Ghlacadh Pobail; Suirbhéanna ar Dhearcthaí agus taighde a bhain le téamaí ar leith.

**Gníomhaíocht Chumarsáide**

Tá cuntas imlíne leagtha amach thíos ar na himeachtaí cumarsáide ba shuntasaí le linn na tréimhse 2011-2013.

**2011 - Comhdháil SÍOCHÁIN III**

Ar an 24 Meitheamh 2011 rinne an FCSAE chomhordú ar chomhdháil mhór in Óstán na Cathrach, Doire. Reáchtáladh an ócáid, an lá sular osclaíodh Droichead na Síochána go hoifigiúil. Tógadh an droichead le maoiniú an AE agus labhair roinnt cainteoirí idirnáisiúnta ó áiteanna i bhfad i gcéin mar an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Éire, Tuaisceart Éireann agus an tSualainn.

**2012 - Comhdháil SÍOCHÁIN III**

Ar an 13 Samhain 2012 rinne an FCSAE chomhordú ar mhórchomhdháil, i gcomhairle leis na 14 Chomhpháirtíocht SÍOCHÁIN ar fud Thuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann. Reáchtáladh an ócáid i Halla na Cathrach, Béal Feirste.

**2013 - Comhdháil SÍOCHÁIN III**

Ar an 3 Eanáir, 2013 chabhraigh an FCSAE chun comhordú a dhéanamh ar mhórchomhdháil don Choimisiún Eorpach in Áras Charlemagne sa Bhruiséil. "Ag tabhairt Pobal Roinnte le Chéile” a ba theideal don ócáid agus leagadh béim ar thionchar agus ar rath Chlár SÍOCHÁIN an AE i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn.

**2011 - Comhdháil INTERREG IVA**

Rinne an FCSAE agus an Lárionad um Staidéar Trasteorann comhordú ar mhórchomhdháil dhá lá ar 'Oiliúint Thrasteorann agus Measúnú Tionchair in Éirinn agus san Eoraip' sa Chabhán ar an 27ú agus an 28ú Deireadh Fómhair.

**2012 - Comhdháil INTERREG IVA**

Chun cabhrú le ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Chomhar Críochach na hEorpa d’eagraigh an FCSAE, i gcomhpháirtíocht leis Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, comhdháil inar léiríodh an rath a bhí ar an gClár INTERREG ar fud réigiún Thuaisceart Éireann, na hÉireann, na hAlban agus na Breataine Bige.

**2013 - Comhdháil INTERREG IVA**

Chun cabhrú le cur chun cinn tosaíocht fiontraíochta an Chláir INTERREG IVA rinne an FCSAE páirturrú ar cheann de na comhdhálacha nuálaíochta idirnáisiúnta ba mhó i dTuaisceart Éireann i mbliana, i gcomhar le NORIBIC (Lárionad Nuálaíochta agus Ghnó Thuaisceart Éireann).

## 2. Freagrachtaí Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha

*Comhoibriú Thuaidh/Theas a chur chun cinn i ngach Clár Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach agus deiseanna a uasmhéadú do gach duine ar oileán na hÉireann a bheith rannpháirteach sna cláir sin.*

Lean an FCSAE ar aghaidh ag iarraidh rannpháirtíocht Thuaidh/Theas a chur chun cinn agus a uasmhéadú sna Cláir INTERREG IVB agus IVC. Go dtí seo, tá an FCSAE ag obair le 54 thionscadal agus tá 67 gcomhpháirtí tionscadail faighte sna na ceithre chlár ábhartha. B’fhiú os cionn €11 milliún san iomlán an maoiniú breise ERDF a thug na tionscadail sin go Tuaisceart Éireann amhail deireadh
(2012). Tá réimse leathan eagraíochtaí i gceist, lena n-áirítear údaráis áitiúla,

ollscoileanna, ranna rialtais agus eagraíochtaí pobail agus deonacha.

Tá comhpháirtíocht Thuaidh/Theas i gceist i 35 cinn den 54 thionscadal sin. Tá 4 thionscadal ann a bhfuil Príomh-chomhpháirtithe iontu ó Thuaisceart Éireann. Tá an FCSAE ag obair go dlúth leis an dá

Lean an FCSAE ar aghaidh ag iarraidh rannpháirtíocht Thuaidh/Theas a chur chun cinn agus a uasmhéadú sna Cláir INTERREG IVB agus IVC. Go dtí seo, tá an FCSAE ag obair le 54 thionscadal agus tá 67 gcomhpháirtí tionscadail faighte sna na ceithre chlár ábhartha. B’fhiú os cionn €11 milliún san iomlán an maoiniú breise ERDF a thug na tionscadail sin go Tuaisceart Éireann amhail deireadh
(2012). Tá réimse leathan eagraíochtaí i gceist, lena n-áirítear údaráis áitiúla,
ollscoileanna, ranna rialtais agus eagraíochtaí pobail agus deonacha.

Tá comhpháirtíocht Thuaidh/Theas i gceist i 35 cinn den 54 thionscadal sin. Tá 4 thionscadal ann a bhfuil Príomh-chomhpháirtithe iontu ó Thuaisceart Éireann. Tá an FCSAE ag obair go dlúth leis an dá

Thionóil Réigiúnacha in Éirinn leis na deiseanna atá fágtha a chur chun cinn sna cláir agus chun aird a tharraingt ar an rath atá ar na cláir.

Tá an FCSAE ag leanúint ar aghaidh ag bainistiú Chéad Leibhéal an phróisis rialaithe do chomhpháirtithe Thuaisceart Éireann sna cláir thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt cuairteanna deimhnithe agus a fhíoraithe ar na 67 gcomhpháirtí tionscadail. Lena chois sin, tá an FCSAE ag déanamh seiceálacha ar an láthair ar gach tionscadal trasnáisiúnta.

D’eisigh Clár an Fhorimill Thuaidh litreacha tairisceana chuig 8 dtionscadal ullmhúcháin a bhfuil Comhpháirtithe nó Príomh-chomhpháirtithe acu atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Táthar ag ullmhú sna tionscadail sin do ghairm don Chlárthréimhse Nua atá le tosú i Márta 2014, agus a mbeidh fíorú agus monatóireacht an FCSAE riachtanach di.

### 3. Ullmhú Clár Amach Anseo

*Comhairle a thabhairt don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus don dá Rialtas maidir le hullmhú aon chlár sa todhchaí a bhainfidh le sainchúram an FCSAE.*

Ó Lúnasa go Samhain 2012, fuair an FCSAE iarratas foirmiúil ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tús a chur le hobair forbartha chláir le haghaidh chlár trasteorann INTERREG amach anseo agus clár SÍOCHÁIN amach anseo.

De réir riachtanais na Roinne Airgeadais agus Pearsanra agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá Grúpa Stiúrtha aonair um Fhorbairt Clár bunaithe ag an FCSAE agus é comhdhéanta de réimse príomhpháirtithe leasmhara. Is é ról an ghrúpa ná an próiseas um fhorbairt an chláir a phlé agus a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchinntí agus ar dhoiciméid. Tháinig an grúpa le chéile 3 uaire in 2012 agus 3 uaire go dtí seo in 2013.

Beidh an grúpa seo freagrach as bainistiú an dara comhairliúcháin ar dhréacht deiridh an Chláir Oibriúcháin, mar aon le hionchur a sholáthar don Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil, agus don Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais.

Idir Eanáir 2013 agus deireadh Márta 2013, rinne an FCSAE comhordú ar na freagairtí comhairliúcháin agus rinne achoimre orthu.

Bhí an FCSAE ag obair i rith 2013 ag dréachtú an ábhair mhionsonraithe ar na Cláir Oibríochtúla le go bhfaomhfaidh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban (INTERREG amháin) iad.

## 4. Rialachas agus Seirbhísí Corparáideacha

*Straitéisí éifeachtacha riaracháin, Cumarsáide, TF agus Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialachais agus freagrachta chun cur le feidhmíocht ghnó an FCSAE.*

Ionchorpraíonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha réimse seirbhísí le cabhrú le feidhmíocht ghnó an FCSAE agus chun í a fheabhsú. Is é an FCSAE cloí go hiomlán lena ceanglais ó thaobh rialachais corparáideach. Cuireadh Cuntais Bhliantúla do 2010 agus 2011 faoi bhráid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann.

Shínigh na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste Cuntais na bliana 2012 agus tá an Tuarascáil Bhliantúil á hullmhú don bhliain 2012. Dréachtaíodh Plean Gnó 2014 agus Plean Corparáideach 2014-2016 i gcomhairle le Ranna Urraíochta lena bhfaomhadh ag an CATT. D'oibrigh an FCSAE go díograiseach freisin lena chinntiú go mbainfear amach éifeachtúlacht san ionad oibre ar aon dul leo siúd atá leagtha amach ina phlean um Choigilteas Éifeachtúlachta.

Maidir le hAcmhainní Daonna, choimisiúnaigh na Ranna Urraíochta athbhreithniú foirne san FCSAE in 2010 nuair a comhaontaíodh go bhféadfadh an FCSAE leanúint ar aghaidh agus 65 ball foirne aige sa chuid eile de 2011 agus in 2012. Rinneadh athbhreithniú foirne breise in 2012 lena dheimhniú go beacht cad é an líon foirne a bheadh aige feasta. Ba iad moltaí an athbhreithnú foirne sin go mbeadh 60 ball foirne aige in 2013 agus 57 mball foirne aige in 2014. D'aontaigh na hAirí, ag cruinniú Earnálach CATT ar an 6ú Nollaig 2013, go mbeadh 60 ball foirne ag an FCSAE in 2013 agus 57 in 2014 agus gur cheart don FCSAE dheiseanna eile a iniúchadh i gcomhar leis an dá rann urraíochta éifeachtúlacht breise a bhaint amach trí chur i bhfeidhm moltaí an athbhreithnithe foirne agus trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm na gClár nua don tréimhse 2014-20.

# CUID A TRÍ

## CUSPÓIRÍ A CHEAPADH DON PHLEAN CORPARÁIDEACH 2014- 2016

## Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha a Cheapadh don Tréimhse 2014-2016

Tugadh aird chuí orthu seo a leanas nuair a bhí Cuspóirí Straitéiseacha á gceapadh don tréimhse 2014-2016:

- Fís agus Misean an FCSAE.
- Cuspóirí agus torthaí an FCSAE i gcaitheamh na tréimhse 2011-2013.
- Tá an timpeallacht oibríochtúil ina mbeidh ar an FCSAE feidhmiú chun an phlean 2014-2016 a chur ar fáil; agus
- Ailíniú le cuspóirí agus spriocanna na Ranna Urraíochta.

**Comhthéacs Eacnamaíochta agus Caiteachais Phoiblí**

Gan amhras is é an dúshlán mór atá le sárú ag an FCSAE faoi mar atá le sárú ag gach comhlacht poiblí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann ná Comhthéacs na hEacnamaíochta agus Caiteachais Phoiblí ina mbeidh orthu oibriú. Ós rud é go gcuireann Rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe bearta spreagtha i bhfeidhm le tacú le téarnamh eacnamaíoch agus chun déileáil le heasnaimh shuntasacha bhuiséadacha, beidh tionchar nach beag acu sin ar na hacmhainní a bheidh ar fáil don tréimhse phleanála.

Beidh dúshláin shuntasacha le sárú ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ó thaobh chaiteachas poiblí sna blianta amach romhainn mar thoradh ar phleananna an Rialtais chun laghdú a dhéanamh iasachtaí na hearnála poiblí. Sonraíodh caiteachas Ranna i mBabhta Chaiteachas na Ríochta Aontaithe 2013 a foilsíodh i Meitheamh 2013 rud a chiallaíonn go mbeidh ar Ranna Thuaisceart Éireann coigilteas suntasacha bhreise a chur i gcrích d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhrúnna costais agus chun maoiniú a sholáthar d’fheabhsúcháin i seirbhísí poiblí.

Tá tionchar tromchúiseach ag an meath ar chúrsaí eacnamaíocha ar an airgeadas poiblí in Éirinn agus is é Buiséad 2014 an ceann deireanach de shraith choigeartuithe buiséadacha atá dírithe ar airgeadas poiblí a chobhsú agus cúrsaí fioscacha a dhéanamh inbhuanaithe arís sna blianta atá le teacht. Tá Rialtas na hÉireann tiomanta do leanúint leis an bpróiseas maidir le comhdhlúthú buiséadach chun an t-easnamh a laghdú go dtí faoi bhun 3% den OTI faoi 2015. Sa chomhthéacs seo, tá an Rialtas ag féachaint i gcónaí ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil, agus tá éifeachtúlacht mhór á bhaint amach aige ach ag an am céanna tá seirbhísí riachtanacha á gcosaint an oiread is féidir.

Dá bhrí sin, tá na Cuspóirí Corparáideacha atá sa phlean seo le meas i gcomhthéacs na gciorruithe ar chaiteachas agus na mbrúnna méadaithe ar bhuiséid ranna atá le cur san áireamh ag cinnteoirí sa Bhreatain Mhór, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Tá Plean láidir agus éifeachtach um Sholáthar Coigiltis agus Éifeachtulachta ag teastáil freisin a léireoidh tiomantas leanúnach an FCSAE chun luach ar airgead a sholáthar agus é féin a chur in oiriúint don timpeallacht caiteachais phoiblí atá ag athrú.

**An Comhthéacs Eorpach**

Ar bhreathnú dúinn ar aghaidh chuig an chéad tréimhse Pleanála Corparáidí eile, níl amhras ar bith ann ach go mbeidh tionchar ag an díospóireacht leanúnach ar thodhchaí Bheartas Comhtháthaithe an AE ar obair an FCSAE amach anseo. Tá díospóireacht ar siúl ar fud an AE faoina mbeidh i ndán don Bheartas Chomhtháthaithe i ndiaidh 2013. Cloch mhíle thábhachtach i bhforbairt an bheartais ab ea foilsiú an Cúigiú Tuarascáil faoi Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach i mí na Samhna 2010. Bhí moltaí sa tuarascáil sin faoi Pholasaí Comhtháthaithe don tréimhse 2014 go 2020. Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán forleathan faoi na moltaí in 2011. Dá thoradh sin foilsíodh pacáiste reachtach de Dhréacht-Rialacháin i nDeireadh Fómhair 2011 agus dréachtbhuiséad don tréimhse 2014-2020, ar a dtugtar an *Creat Airgeadais Ilbhliantúil*.

Cuireann Rialachán na bhForálacha Coiteanna maoiniú ar fáil do rialacháin shonracha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), agus an Ciste Comhtháthaithe, agus rialacháin um Chomhar Críochach Eorpach (CCE) agus um Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críche. Tá glacadh an phacáiste faoi réir comhaontaithe tríd an nós imeachta comhchinnteoireachta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach i gcur chun cinn an tsainchomhaid agus rinneadh comhaontú ar cheithre cinn de na sé rialachán. Tá an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na hÉireann ag éascú obair Uachtaránacht na Liotuáine chun bailchríoch a chur ar dhíospóireachtaí. Thángthas ar Chomhaontú Polaitiúil faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil freisin faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an 27ú Meitheamh, 2013. Leithdháilfear €325.1 billiún don Bheartas Comhtháthaithe sa tréimhse 2014-2020.

**An Comhthéacs Polaitiúil**

Le linn na tréimhse lena mbaineann an plean corparáideach seo reáchtálfar roinnt toghcháin sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ar an gcéad dul síos tá sé socraithe go mbeidh toghcháin ann don Pharlaimint Eorpach ón 22 go dtí an 25 Bealtaine 2014 agus b'fhéidir go reáchtálfar toghchán i dTuaisceart Éireann do na Comhairlí nua nuair a laghdófar líon na gComhairlí ó 26 go dtí 11. I ndiaidh na dtoghchán sin reáchtálfar olltoghchán Westminster ar an 7 Bealtaine 2015.

I Meitheamh na bliana 2013, rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann comhaontú faoi phacáiste tograí chun geilleagar Thuaisceart Éireann a neartú agus todhchaí comhroinnte a chinntiú. Aithníodh sa Chomhaontú Eacnamaíoch sin an tábhacht a bhaineann le maoiniú SÍOCHÁIN chun athmhuintearas a chur chun cinn, agus leithdháileadh €50 milliún sa bhreis ó Bhuiséad um Chomhar Críche Eorpach 2014-20 na Ríochta Aontaithe chun tacú leis an gClár SÍOCHÁIN IV.

Chuireadh plean Rialtas na hÉireann "Tús Áite do Dhaoine" um athchóiriú na rialtas áitiúil i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus déanfar nuachóiriú ar chóras rialtais áitiúla na hÉireann lena n-áirítear laghdú ar líon na gcomhairlí agus na comhairleoirí. Ina dhiaidh sin, moladh i dTuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil in 2013 go n-athrófaí teorannacha na dtoghlimistéar áitiúil. Táthar ag súil go mbeidh toghcháin áitiúla agus Eorpacha in Éirinn i Mí na Bealtaine 2014, reáchtálfar olltoghchán freisin sa tréimhse pleanála corparáidí seo nuair a thiocfaidh deireadh in 2016 le téarma Rialtas na hÉireann a toghadh in 2011.

Meastar go mbeidh ar pholaiteoirí leanúint ar aghaidh ag déileáil le cinntí dúshlánacha maidir le soláthar seirbhísí poiblí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon le linn na tréimhse pleanála corparáidí seo.

**Ailíniú le Cuspóirí na Ranna Urraíochta**

Tuigeann an FCSAE go dianmhaith an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil spriocanna an FCSAE ailínithe le spriocanna a Ranna Urraíochta. Tá an dá Roinn i mbun straitéisí nua a ullmhú don tréimhse 2014-2016 agus mar sin ní mór na spriocanna sa phlean a mheas i bhfianaise na spriocanna a bhí ag na Ranna roimhe sin. Leanfaidh an FCSAE ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar a chuspóirí d'fhonn iad a ailíniú le cuspóirí a Ranna Urraíochta.

San áireamh i measc na gcuspóirí ábhartha don tréimhse 2012-13 mar atá leagtha amach i Scórchárta Cothromaithe na Roinne Airgeadais agus Pearsanra tá:

- *R1: Tacaíocht a thabhairt don Fheidhmeannas chun acmhainní atá ar fáil a aimsiú, a leithroinnt agus a úsáid go héifeachtach.*
- *PI1: Bainistiú a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach ar na hacmhainní atá ar fáil ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus coigilteas riachtanacha a chur i gcrích.*

Tá cuntas imlíne ar na cuspóirí seo a leanas le fáil i Ráiteas Straitéise na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2011-14:

- *Chaiteachas poiblí a bhainistiú ar leibhéil níos inbhuanaithe agus ar bhealach pleanáilte, réasúnach agus cothrom chun tacú le feidhmiú eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann.*

- *Struchtúir rialachais agus riaracháin phoiblí a bheith ann a bheidh trédhearcach, éifeachtúil, cuntasach agus freagrach.*

**Tosaíochtaí an FCSAE maidir le Ceapadh Cuspóirí Corparáideacha don tréimhse 2014 -2016**

Le linn an phróisis maidir le ceapadh cuspóirí corparáideacha do na 3 bliana amach romhainn, mheas an FCSAE go cúramach na príomhfheidhmeanna rialála, a tugadh dó tríd an reachtaíocht agus trí rialacháin an AE chun cláir mhaoiniúcháin an AE a bhainistiú go héifeachtach. Rinneadh breithmheas ar na gníomhaíochtaí oibre atá ar siúl faoi láthair laistigh den FCSAE i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna rialála agus na n-acmhainní laghdaithe atá ar fáil don FCSAE, agus rinneadh cinntí maidir le gníomhaíochtaí agus seirbhísí, a bhféadfaidh an FCSAE tabhairt fúthu agus a dhéanamh in 2014.

Go dtí go ndéanfar na cinntí ríthábhachtacha a bhaineann le hacmhainní agus le ról an FCSAE sa tréimhse 2014 - 2020, ní féidir leis an FCSAE mionsonraí a sholáthar faoi spriocanna straitéiseacha do 2015 agus 2016. Ach de réir mar a chinnteofar an ról agus na feidhmeanna a bheidh ag an FCSAE sa todhchaí, leagfar síos mionsonraí na spriocanna sna pleananna gnó bliantúla i rith na tréimhse.

Tá príomhfheidhmeanna an FCSAE leagtha amach thíos, agus is fíor a rá gurb iad sin na feidhmeanna íosta a bheidh an FCSAE ina mbun i rith na tréimhse pleanála corparáidí.
Dá bhrí sin cabhraíonn na feidhmeanna seo a leanas linn chun na cuspóirí corparáideacha a cheapadh don tréimhse phleanála sin:

**1.** Feidhmiú mar Údarás Bainistíochta, Údarás Deimhniúcháin agus an Chéad leibhéal Rialaithe (fíorú) laistigh de Chláir reatha SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA. Tá na Cláir reatha á gcur i bhfeidhm go hiomlán, agus dá bhrí sin ní mór do na tionscadail mhaoinithe tacaíocht a fháil ón FCSAE le cur ar a gcumas a gcuspóirí a chomhlíonadh go cruinn faoi mar a tairgeadh dóibh iad, na spriocanna caiteachais atá leagtha síos do gach tionscadal a bhaint amach, agus a gcuid gníomhaíochtaí chur i gcrích de réir rialacháin an AE agus na mballstát. Bainfear amach cuspóirí foriomlána na gclár má bhaineann na tionscadail amach na cuspóirí sin ar tugadh maoiniú dóibh lena dhéanamh, mar sin féin, ní mór don FCSAE monatóireacht agus idirghabháil chomhsheasmhach a dhéanamh le cuidiú leis na tionscadail é sin a dhéanamh. Fágann sé sin go mbeidh ról suntasach ag an FCSAE le linn na tréimhse pleanála, ó tá beagnach €100 milliún le fíorú in 2014 ó thaobh incháilitheachta de ó éilimh atá maoinithe chun uasmhéadú a dhéanamh ar fháltais ón AE, agus €150 milliún in 2015.

**2.** Beidh bailchríoch á cur tionscadail le linn na tréimhse pleanála corparáidí, agus ní mór iad a dhúnadh go héifeachtach, lena chinntiú gur féidir na cláir a dhúnadh ar bhealach a dhéanfaidh uasmhéadú ar fháltais an AE don dá Ballstát.

Tá foireann chorparáideach ag an FCSAE le haghaidh príomhfheidhmeanna lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, acmhainní daonna, cumarsáid agus TF. Tá ról suntasach ag FCSAE maidir lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin is airde ó thaobh chuntasacht phoiblí agus bainistíocht airgeadais chun ionchais go leor dá chuid páirtithe leasmhara a shásamh.

**3.** Cuireann Comh-Rúnaíocht Theicniúil (CRT) seirbhísí ar fáil a bhaineann le measúnú tionscadal (seirbhís atá beagnach críochnaithe anois) agus tugann tacaíocht do thionscadail. Tá an ról seo maidir le tacú agus cabhrú le tionscadail lena gcuspóirí a bhaint amach nasctha go dlúth le ról an Údaráis Bhainistíochta atá leagtha amach thuas. Is é an tÚdarás Bainistíochta a cheapann an t-aonad CRT agus maidir leis an obair a dtugann siad fúithi go díreach i gcomhar le tionscadail, bíonn sí tarmligthe ag an Údarás Bainistíochta chuig an aonad CRT. Tá ról na CRT sna cláir nua fós le ceapadh, ach le linn na tréimhse pleanála beidh ról suntasach fós le comhlíonadh acu le Príomh-chomhpháirtithe atá maoinithe faoi láthair chun cabhrú leo a gcuid tionscadal a chríochnú go héifeachtach.

**4.** Tacaíocht do thionscadail a bhaineann le cláir thrasnáisiúnta agus a chuireann chun feidhme iad. Measadh i gcónaí gurbh é príomhról an FCSAE an ról sin ar ghlac an eagraíocht leis maidir le cabhrú le tionscadail maoiniú a fháil laistigh de na Cláir Thrasnáisiúnta. Tá tiomantas leanúnach ag an FCSAE maidir le fíorú na 67 dtionscadal maoinithe laistigh de na Cláir sin i gcás na gClár sin atá bunaithe i dTuaisceart Éireann, agus caithfear leanúint ar aghaidh leis an ról sin go dtí go mbeidh na tionscadail sin críochnaithe.

**5.** D'iarr na Ballstáit ar an FCSAE Cláir Nua don tréimhse 2013-2020 a fhorbairt, a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm. Beidh ualach suntasach oibre ag baint leis an ról seo in 2014 lena chinntiú go mbeidh na cláir don tréimhse 2014-2020 ullamh le haghaidh na chéad iarratais go déanach in 2014. Ní mór don FCSAE bailchríoch a chur ar dhréachtú na gClár Oibríochtúil, na Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus na EQIAnna in 2014, agus ní mór d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, do Rialtas na hÉireann agus do Rialtas na hAlban iad a dhaingniú agus a fhaomhadh (INTERREG amháin) sula gcuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad go foirmiúil lena bhfaomhadh. I gcomhtráth leis an ngníomhaíocht seo beidh sé riachtanach córas a fhorbairt um sheachadadh na gClár mar aon le socruithe riaracháin agus rialachais.

Ní mór bunachar sonraí maoinithe do na Cláir Nua, a shonrú, a fháil, a fhorbairt agus a gcur chun feidhme faoi dheireadh samhraidh 2014, agus is tasc suntasach é sin, ós rud é go bhfuil na meicníochtaí seachadta agus socruithe riaracháin fós á bhforbairt agus á bplé. Ní mór na meicníochtaí seachadta a aontú, agus, b'fhéidir a sholáthar, lena chinntiú go mbeidh an próiseas iarratais agus measúnaithe, lena n-áirítear gach treoir maoinithe agus na socruithe riaracháin bainteacha ullamh go déanach in 2014, le go gcuirfear na cláir seo i bhfeidhm go tráthúil. Táthar ag súil go ndéanfar na chéad iarratais ar mhaoiniú chuig na cláir sin go déanach in 2014. Beidh na cláir nua faoi lán seoil in 2015 agus 2016 agus caithfidh na meicníochtaí ábhartha a bheith curtha i bhfeidhm agus ag obair i rith na tréimhse sin.

Tá an FCSAE tar éis 5 sprioc chorparáideacha a cheapadh don tréimhse ó 2014 go 2016 a léiríonn na gnéithe bunúsacha a bhaineann le ról agus le feidhmeanna na heagraíochta. Vvv athléite vvv

## Cuspóirí Corparáideacha don Tréimhse 2014-2016

Aithníodh cúig chuspóir uileghabhálacha Straitéiseacha/Corparáideacha don tréimhse 2014-2016. Tá breac-chuntas orthu thíos. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil in Iarscríbhinn A ar na bearta a bheidh le déanamh faoi gach ceann de na cuspóirí straitéiseacha.

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1**

Cuspóirí na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA a bhaint amach go héifeachtach trí threoir agus tacaíocht a sholáthar do na tionscadail atá ceadaithe chun cur ar a gcumas uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuireann siad leis an tsochaí.

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2**

A chinntiú go gcuirfear tacaíocht agus treoir ar fáil do thionscadail mhaoinithe le cur ar a gcumas feidhmiú de réir Chreat Rialála an AE agus na mBallstát.

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 3**

A chinntiú go gcuirfear próisis éifeachtacha ghnó i bhfeidhm maidir le dúnadh chláir na tréimhse 2007-13 chun go ndéanfar uasmhéadú ar na fáltais a gheobhaidh an dá Bhallstát ón AE.

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4**

Feabhas a chur ar fheidhmíocht ghnó an FCSAE agus a fhoireann trí phróisis éifeachtacha agus éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialachais chorparáidigh a ceapadh chun freastal ar riachtanais chuntasachta.

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5**

A chinntiú go bhforbrófar struchtúir agus próisis éifeachtacha riaracháin a éascóidh Cláir na todhchaí a chur chun feidhme sa tréimhse 2014-2020, i gcomhréir le creataí rialála an AE.

## SCÓRCHÁRTA COTHROMAITHE

Leanfaidh an FCSAE ar aghaidh ag úsáid scórchárta cothromaithe chun cuidiú le pleanáil gnó do thréimhse 2014 go 2016. Cuireann an Scórchárta Cothromaithe ar chumas an FCSAE cuspóirí straitéiseacha agus gnó agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann leo a ionchorprú i bpróisis um leithdháileadh acmhainní, agus sa chaoi sin méadaíonn siad an tuiscint atá ag páirtithe leasmhara, idir inmheánacha agus sheachtracha, ar Fhís agus ar Straitéis Chorparáideach an FCSAE. Tá an Scórchárta Cothromaithe roinnte ina cheithre pheirspictíocht ina bhfuil Torthaí Gnó (TG); Riachtanais Chustaiméirí (RC); Próisis Ghnó Inmheánacha (PI) agus Fás agus Foghlaim (FF).

**Scórchárta Cothromaithe an FCSAE 2014-16**

| **TORTHAÍ GNÓ (TG)** | **RIACHTANAIS CHUSTAIMÉIRÍ (RC)** |
|---|---|
| **TG1**: A áirithiú go ndéanfar na Cláir SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA 2007-2013 a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach.<br><br>**TG2:** A chinntiú go gcuirfear próisis éifeachtacha ghnó i bhfeidhm maidir le dúnadh i gcás chláir na tréimhse 2007-13.<br><br>**TG3**: A chinntiú go bhfuil cláir á gcur i bhfeidhm de réir Chreat Rialála bhallstát an AE.<br><br>**TG4**: Próisis éifeachtacha a fhorbairt chun éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm clár sa todhchaí. | **RC1:** Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscadal ardchaighdeáin i ngach Clár.<br><br>**RC2:** A chinntiú go dtugtar an tacaíocht agus treoir do thionscadail le go mbeidh siad in ann na héilimh ina Litreacha Tairisceana a shásamh.<br><br>**RC3:** A chinntiú go dtugtar an tacaíocht do thionscadail le cur ar a gcumas feidhmiú de réir Creataí Rialála an AE agus na mballstát.<br><br>**RC4:** A chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin nua maidir le faisnéis agus poiblíocht i gcás na gclár.<br><br>**RC5**: Aon riachtanas eolais agus tuairiscithe a shásamh faoi mar atá sonraithe i Meamram Airgeadais an FCSAE agus i ndoiciméid rialaithe eile.<br><br>**RC6:** Dul i mbun comhairliúcháin go forleathan maidir le forbairt na gClár Oibríochtúil nua. |
| **PRÓISIS GHNÓ INMHEÁNACHA (PI)** | **FÁS AGUS FOGHLAIM (FF)** |
| **PI1:** Dea-rialachas corparáideach agus bainistíocht éifeachtach acmhainní a chinntiú.<br><br>**PI2**: Próisis inmheánacha a fhorbairt go leanúnach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an FCSAE. | **FF1:** Scileanna, cumais agus eolas na foirne a fhorbairt chun na cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach.<br><br>**FF2:** Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le cur chun feidhme na rialachán nua agus socruithe riaracháin na gclár nua. |

# CUID A CEATHAIR

## ACMHAINNÍ A SHOLÁTHAR DON PHLEAN

## ACMHAINNÍ A SHOLÁTHAR DON PHLEAN

**Costais Riaracháin/Oibriúcháin an FCSAE**

Cuirtear acmhainní airgeadais i ndáil le costais riaracháin/oibriúcháin an FCSAE ar fáil gach bliain trí bhuiséad aontaithe a leithdháileann a Ranna Urraithe (An Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann, agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bPoblacht na hÉireann). Is féidir táblaí ina bhfuil cur síos ar bhuiséid mholta do 2014 agus ar leithdháiltí táscacha le haghaidh 2015 agus 2016 a fháil in Iarscríbhinn C agus in Iarscríbhinn D.

Tá an FCSAE tar éis comhaontú a dhéanamh chun bearta a chur i bhfeidhm chun laghduithe carntha de 12% a dhéanamh ar chostais riaracháin in 2014, 2015 & 2016 ó thaobh bhonnlíne bhuiséad 2013.

Ar an ábhar sin déanfar an maoiniú bunlíne de £2,051,000 in 2013 a laghdú go £1,969,000 in 2014, £1,887,000 in 2015 agus £1,805,000 in 2016. Is é £82,000 an laghdú iomlán bliantúil atá le cur i bhfeidhm i ngach ceann de na trí bliana.

**Éifeachtúlacht a Sholáthar**

Bainfear amach na laghduithe sin a trí shraith bheart éifeachtúlachta, mar aon le hathbhreithniú ar pholasaithe cionroinnte. Feidhmíonn an FCSAE faoi chuimsiú athchóiriú na hearnála poiblí agus tá sé tiomanta do chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun coigilteas éifeachtúlachta a uasmhéadú. Tá an éifeachtúlacht á baint amach trí:

- A chinntiú go gcoinnítear buiséid agus leibhéil foirne faoi athbhreithniú chun barr feabhais a chur ar fheidhmíocht;
- Feabhas leanúnach a chur ar na nósanna imeachta maidir le soláthar earraí agus seirbhísí;
- Éifeachtúlacht feabhsaithe trí athruithe i seirbhísí idirbheartaíochta agus trí fhorbairtí TF;
- Simpliú agus caighdeánú a dhéanamh ar phróisis trí chórais fheabhsaithe;
- A chinntiú go ndéanfar an caiteachas ar phoiblíocht agus ar chomhairleoireacht a íoslaghdú;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar phróisis ghnó chun éifeachtúlacht a chinntiú; agus
- Struchtúir feidhmithe agus próisis ghnó a fhorbairt i gCláir an AE amach anseo don tréimhse idir 2014 agus 2020 a mbeidh éifeachtúlacht mar thoradh orthu.

Leanfaidh an FCSAE aghaidh ag obair le Ranna Urraíochta lena chinntiú go mbainfear amach éifeachtúlacht agus luach ar airgead i ngach réimse gnó.

**Caiteachas ar Chláir**

Tá na figiúirí faoi chaiteachas ar chláir bunaithe ar luach na gcistí Euro atá riachtanach don Láraonad Íocaíochta san FCSAE chun íocaíochtaí a iarrtar a dhéanamh do thionscadail chun na spriocanna bliantúla N+2 atá socraithe ag Coimisiún an AE faoin gClár Oibriúcháin a chlúdach mar aon le haon réamhíocaíochtaí a bhíonn riachtanach. Táthar tar éis iad sin a thiontú go steirling ag ráta 0.86, ós é sin an ráta pleanála atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais.

Déantar caiteachas cláir a 'imfhálú' - .i. ní mór caiteachas a thabhú go dtí an leibhéal sin ag a ndéanfar uasmhéadú ar ‘Fháltais an AE’ a gheobhaidh na Ballstáit i gcás an dá Chlár. Cuirtear cionroinnt cistiúcháin idir na Ballstáit san áireamh sa chaiteachas cláir.

# CUID A CÚIG

## Monatóireacht agus Measúnú a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach 2014-2016 agus é a chur in iúl

## MONATÓIREACHT, AGUS MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN bPLEAN AGUS É A CHUR IN IÚL

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2014-16 agus déanfar meastóireacht orthu trí shraith bheart, idir inmheánach agus sheachtrach.

**Bearta Inmheánacha**

Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le spriocanna an Phlean Chorparáidigh ag cruinnithe míosúla, go príomha trí mhonatóireacht a dhéanamh ar spriocanna bliantúla an Phlean Gnó. Tá spriocanna an Phlean Gnó leagtha amach ar bhonn bliantúil ar bhealach a chinntíonn go bhfuil siad ailínithe go dlúth le Spriocanna an Phlean Chorparáidigh. Dá bhrí sin, má bhaintear amach gach sprioc an Phlean Gnó bainfear amach cuspóirí an Phlean Chorparáidigh. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearach measúnú gach mí ar rioscaí a bhaineann leis na spriocanna, ag baint úsáide as Clár Rioscaí mionsonraithe, agus aontaíonn nó ceadaíonn siad na bearta maolaitheacha atá le déanamh. Ag deireadh gach bliana i dtimthriall an Phlean Chorparáidigh, breithnítear aon spriocanna sa Phlean Gnó nár baineadh amach, agus aon bheart leasúcháin atá riachtanach chun an tionchar ar an sprioc sa Phlean Corparáideach a bhaineann leis a laghdú.

Measann an FCSAE gur cáipéis oibre é an Plean Corparáideach agus bíonn deis ag na baill foirne go léir sna laethanta bliantúla um pleanáil gnó an dul chun cinn maidir le spriocanna an Phlean Chorparáidigh a phlé. Tugann sé seo deis freisin don FCSAE na spriocanna a leasú is a phlé i bhfianaise timpeallachtaí oibriúcháin atá ag athrú. Uirlis úsáideach iad na pleananna gnó a tháirgtear agus a thuairiscítear gach bliain chun an dul chun cinn a rianú ó thaobh na gcuspóirí corparáideacha agus na spriocanna bliantúla a socraítear sa Phlean Corparáideach.

**Bearta Seachtracha**

Ar aon dul le dea-chleachtas, bhunaigh an tOifigeach Cuntasaíochta Coiste Iniúchóireachta & Rioscaí chun tacú leis sna freagrachtaí atá air maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus ceisteanna dearbhaithe a bhaineann leo. Baill neamhspleácha atá sa Choiste agus tá ionadaithe ón dá Roinn Urraíochta air. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain agus cuireann siad a gcuid gníomhaíochta i bhfeidhm de réir na bhforálacha a bhfuil cur síos orthu ina dTéarmaí Tagartha aontaithe (a ndearnadh

nuashonrú orthu in 2013).

Lena chois sin, cuireann an FCSAE tuarascálacha ar fáil faoin dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na gclár agus na gcuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus Gnó don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus do na Ranna Urraíochta de réir mar is gá. Bíonn air freisin teacht os comhair Thionól Thuaisceart Éireann agus Coistí Scrúdain an Oireachtais de réir mar a bhíonn gá leis.

**Plean Corparáideach 2014-2016 a Chur in Iúl**

Tuigeann an FCSAE go dianmhaith má tá Plean Corparáideach na tréimhse 2014-2016 le cur i bhfeidhm i dtimpeallacht dhúshlánach go gcaithfidh gach Bainisteoir de chuid an FCSAE ceannaireacht láidir, infheicthe a sholáthar. Mar atá léirithe thuas, tá Foireann Bhainistíochta Shinsearach an FCSAE tiomanta don Phlean a chur in iúl don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara.

Is féidir cuspóirí agus spriocanna a chur in iúl do gach ball foirne ag imeachtaí bliantúla gnó agus ag imeachtaí pleanála corparáidí agus nuair a fhaomhtar an plean déanfar é a fhoilsiú agus a eisiúint do gach ball foirne. Foilseofar an plean freisin ar láithreán gréasáin an FCSAE agus de réir nós imeachta caighdeánach, beidh sé ar fáil i bhformáidí malartacha lena chinntiú go mbeidh gach duine in ann é a rochtain.

Bainfidh an FCSAE leas freisin as deiseanna eile chun an fhís, an misean agus na prionsabail atá leagtha amach sa phlean agus na spriocanna agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo a chur chun cinn agus a chur in iúl. Áireofar leis sin príomhtheachtaireachtaí a chur ar taispeáint i limistéir chomhchoiteanna laistigh de thrí áitreabh an FCSAE agus fógra a thabhairt go bhfuil an Plean Corparáideach foilsithe i bhfoilseacháin seachtracha agus inmheánacha.

# IARSCRÍBHINN A

# SCÓRCHÁRTA COTHROMAITHE MIONSONRAITHE DO PHLEAN CORPARÁIDEACH 2014-2016

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1**
Cuspóirí na gClár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA a bhaint amach go héifeachtach trí threoir agus tacaíocht a sholáthar do na tionscadail atá ceadaithe chun cur ar a gcumas uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuireann siad leis an tsochaí.

| Scórchárt a | Beart Straitéiseach | Sprioc & Gníomhaíochtaí | 2014 | 2015 | 2016 | Cé a bheidh Freagr |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TG1 | Monatóireacht a dhéanamh agus spriocanna caiteachais carnacha N+2 a bhaint amach maidir le SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA. | **Bliain** / **SÍOCHÁIN III** / **INTERREG IVA**<br>2014 / €56,901,439.00 / €44,580,992.00<br>2015 / €82,857,094.00 / €65,012,000.80 | ✓ (2014) | ✓ (2015) | | MA/SC/ CRT |
| | Tiomantas leordhóthanach a chinntiú chun spriocanna N+2 a bhaint amach. | | ✓ | ✓ | ✓ | MA/SC/ CRT |
| | Monatóireacht ar chur i bhfeidhm cuspóirí an chláir. | Cathaoirleach agus tacaíocht rúnaíochta a sholáthar do Choistí Monatóireachta an Chláir (CMC). Dhá chruinniú le reáchtáil gach bliain in aghaidh gach clár.<br><br>Tacaíocht rúnaíochta a sholáthar don Ghrúpa Oibre Meastóireachta agus Monatóireachta (MEWG). Ceithre chruinniú le reáchtáil gach bliain.<br><br>Na pleananna um monatóireacht agus meastóireacht clár a chur i bhfeidhm.<br><br>Tuarascáil Bhliantúil faoi Chur chun Feidhme a sholáthar do gach clár ag teacht leis na riachtanais agus na scálaí ama atá leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach. | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | MA<br><br>CRT |
| TG3/RC4 | A chinntiú go bhfuil an dá chlár á bhfeidhmiú i gcomhréir le Creataí Rialála an AE agus na mBallstát. | A chinntiú go bhfuiltear ag cloí le rialacháin airgeadais agus oibriúcháin ar leibhéal na gclár agus na dtionscadal .i. EC 1080/2006 agus EC 1083/2006.<br><br>A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais faisnéise agus poiblíochta mar atá leagtha amach sa Straitéis Chumarsáide | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | MA |

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2**
A chinntiú go gcuirfear tacaíocht agus treoir ar fáil do thionscadail mhaoinithe le cur ar a gcumas feidhmiú de réir Chreat Rialála an AE agus na mBallstát.

| Scórchárt a Corparáid | Beart Straitéiseach | Sprioc & Gníomhaíochtaí | 2014 | 2015 | 2016 | Cé a bheidh Freagrach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TG2 | A chinntiú go bhfuil creat nósanna imeachta maidir le dúnadh ceaptha. | A chinntiú go bhfuil treoir leordhóthanacha i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar dhúnadh de réir na riachtanas rialála agus clár roimh Eanáir 2014. | ✓ | ✓ | ✓ | MA |
| TG2/PI1 PI2/ | Comhlíon na riachtanais rialála. | A chinntiú go bhfuil gach Ceanglas maidir le hAirteagal 4 agus Airteagal 10 curtha i gcrích roimh Mheitheamh 2015. | | ✓ | ✓ | MA/CRT |
| | Uasmhéadú fháltais an AE. | Cláir Sceideal Aisghabhálacha deireanach a sholáthar roimh Nollaig 2015. | | ✓ | | MA/CRT |
| | | Monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna caiteachais N+2 agus iad a bhaint amach faoin 31ú Nollaig 2014 agus 2015. | ✓ | ✓ | | |
| | | Na taifid chaiteachas go léir a réiteach agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh fáltais an AE uasmhéadaithe sa Dearbhú Deiridh mar aon le Solúbthacht Dúnta de 2% i mí na Nollag 2016. | | | ✓ | |
| | | An t-éileamh eatramhach deiridh a sheoladh chuig an Údarás Deimhniúcháin i Meán Fómhair 2015, agus an t-éileamh deiridh go luath in 2016. | | ✓ | ✓ | |
| | | Ráiteas deiridh caiteachais a ullmhú agus a sheoladh chuig an Údarás Iniúchóireachta faoi mhí na Nollag 2016. | | | ✓ | |
| | Tuarascálacha faoi dhúnadh a sholáthar agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. | Tuarascáil chlabhsúir a chríochnú faoi Nollaig 2016. | | | ✓ | MA |

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 3**
A chinntiú go gcuirfear próisis éifeachtacha ghnó i bhfeidhm maidir le dúnadh chláir na tréimhse 2007-13 chun go ndéanfar uasmhéadú ar na fáltais a gheobhaidh an dá Bhallstát ón AE.

| Scórchárt a Corparáid | Beart Straitéiseach | Sprioc & Gníomhaíochtaí | 2014 | 2015 | 2016 | Cé a bheidh Freagrac |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TG3/RC2 | Seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcustaiméirí. | Oibriú le hiarratasóirí agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun tionscadail ardchaighdeáin a sholáthar. | ✓ | ✓ | ✓ | CRT |
| RC3 | Déan deimhin de go gcuirtear na caighdeáin is airde i bhfeidhm ó thaobh cuntasacht airgeadais de nuair a bheidh na cistí chláir á n-úsáid. | Dearbhú Chéad Leibhéil Rialaithe a chur i bhfeidhm maidir le deimhniú agus fíorú caiteachais. | ✓ | ✓ | ✓ | MA/CRT /SC |
| RC3 | A chinntiú go gcloítear le Creat Rialála Bhallstát an AE. | A chinntiú go bhfuiltear ag cloí le rialacháin oibriúcháin ar leibhéal an tionscadail.<br><br>Bainistiú a dhéanamh ar Chéad Leibhéal an phróisis rialaithe do chomhpháirtithe TÉ maidir le gach tionscadal Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach. | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | MA/CRT /SC |

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4**
Feabhas a chur ar fheidhmíocht ghnó an FCSAE agus a fhoireann trí próisis éifeachtacha agus éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm laistigh de chreat rialachais chorparáidigh a ceapadh chun freastal ar riachtanais cuntasachta.


| Scórchárt a Corparáid | Beart Straitéiseach | Sprioc & Gníomhaíochtaí | 2014 | 2015 | 2016 | Cé a bheidh Freagrac |
|---|---|---|---|---|---|---|
| PI1/PI2 | Tá straitéisí éifeachtacha airgeadais curtha i bhfeidhm chun feidhmíocht ghnó a fheabhsú. | Íoc soláthraithe go pras.<br><br>Íoc Príomh-chomhpháirtithe go pras .i. laistigh de 7 seachtaine.<br><br>Cuir an coigilteas éifeachtúlachta sin i bhfeidhm a chinn an CATT.<br><br>Déan deimhin de go ndéantar gach rud a sholáthar de réir na rialachán agus de réir dea-chleachtais.<br><br>Ullmhaigh ceithre éileamh caiteachais ar a laghad gach<br><br>bliain. Sholáthar ráiteas aisghabhála de réir an tionscadail in<br><br>éineacht le gach éileamh ar an AE. | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | SC |
| PI1/PI2 | Bainistiú éifeachtach inmheánach agus bainistiú éifeachtach riosca eagraíochtúil. | Déan deimhin de go bhfuil Clár Rioscaí á chothabháil agus nuashonraigh Plean Leanúnachais Gnó.<br><br>Déan deimhin de go bhfuil gach comhaontú seirbhíse agus gach comhaontú ábhartha curtha i bhfeidhm leis na Ranna Cuntasacha. | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | SC |
| RC4 | Cloí leis na ceanglais faisnéise agus tuairiscithe faoi mar atá sonraithe sa Mheabhrán Airgeadais agus sna doiciméid rialaithe. | Déan pleanáil chorparáideach agus gnó chun feidhmíocht ghnó a fheabhsú.<br><br>Ullmhaigh agus foilsigh Tuarascáil Bhliantúil de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Mheabhrán Airgeadais.<br><br>Ullmhú Cuntais Bhliantúla do gach bliain den tréimhse pleanála agus cuir faoi bhráid an NIAO iad lena nIniúchadh. | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | SC |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ní mór gach iarratas ar eolas a fhreagairt laistigh de thréimhsí ama aontaithe.<br><br>Cloí leis an gCód Iompraíochta maidir le Saoráil Faisnéise i gcás gach Comhlacht Thuaidh Theas. | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | |
| PI1/PI2 | Straitéis agus trealamh éifeachtach TF chun freastal ar riachtanais na heagraíochta. | Déan deimhin de go soláthraíonn an Rannóg TFC bainistíocht éifeachtach TF agus seirbhísí tacaíochta. | ✓ | ✓ | ✓ | SC |
| PI1/PI2 | Comhlíon gach riachtanais sa Straitéis Cumarsáide 2014. | Déan gníomhaíochtaí cumarsáide corparáideach a chothabháil agus a fheabhsú faoi mar a aithníodh sa Straitéis Chumarsáide in 2014. | ✓ | ✓ | ✓ | SC |
| PI1 | Comhlíonadh na reachtaíochta a rialú. | Críochnaigh an tuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún Comhionannais.<br><br>Cothabháil timpeallacht oibre a chloíonn le rialacha sláinte agus sábháilteachta ó thaobh bhaill foirne agus baill den phobal. | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | SC |
| PI2 | Córais chuí i bhfeidhm chun iniúchadh éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí gnó an FCSAE. | Tiocfaidh Coiste Iniúchta & Riosca an FCSAE le chéile go rialta. | ✓ | ✓ | ✓ | SC |
| PI1 | Príomhspriocanna na heagraíochta le baint amach go héifeachtúil. | Déan deimhin de go ndéantar monatóireacht agus meastóireacht éifeachtach gach mí ar an bPlean Gnó foriomlán agus ar spriocanna an Phlean Chorparáidigh. | ✓ | ✓ | ✓ | Gach rannóg |
| PI1/PI2 | Próisis curtha i bhfeidhm chun gur féidir leis an eagraíocht a cuid riachtanas buiséadacha go léir a chomhlíonadh. | A chinntiú go gcaitear 98.5% ar a laghad de na méideanna buiséadaithe.<br><br>A chinntiú go ndéanfar 4% ar a laghad de choigilteas éifeachtúlachta carnacha in aghaidh na bliana a scaoilfidh | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | SC |
| FF1 | Bain torthaí amach maidir le soláthar seirbhísí gnó trí fhoireann atá oilte go cuí. | Leibhéil foirne a choinneáil le linn na tréimhse pleanála a bheidh ar aon dul leis an líon foirne a aontaíodh.<br><br>Plean oiliúna a ullmhú lena chinntiú go gcuirfear oiliúint ar gach ball foirne. | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | ✓<br><br>✓ | SC |

**CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5**
A chinntiú go bhforbrófar struchtúir agus próisis éifeachtacha riaracháin a éascóidh cur i bhfeidhm na gClár don tréimhse 2014-2020, de réir Creataí Rialála an AE.

| Scórchárt a Corparáid | Beart Straitéiseach | Sprioc & Gníomhaíochtaí | 2014 | 2015 | 2016 | Cé a bheidh Freagrac |
|---|---|---|---|---|---|---|
| TG4/FF1/ PI1/RC5 | Cuir ceannaireacht ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na gclár nua. | Déan deimhin de go bhfuil na cláir bunaithe agus ag feidhmiú go cuí i gcomhréir le creataí rialála an AE agus na mBallstát roimh dheireadh 2014. | ✓ | ✓ | ✓ | MA/CRT |
| TG3 | Déan deimhin de go gcloítear le creat rialála an AE agus na mBallstát. | Gach tuarascáil rialála seolta isteach roimh na dátaí a shonraigh an Coimisiún Eorpach in 2014. | ✓ | ✓ | ✓ | Gach rannóg |
| TG4 | Déan deimhin de go gcuirtear na caighdeáin is airde i bhfeidhm ó thaobh cuntasacht airgeadais de nuair a bheidh na cistí chláir á n-úsáid. | Déan monatóireacht agus bain amach na spriocanna caiteachais i gcás gach clár. Spriocanna.<br><br>Déan monatóireacht agus bain amach na spriocanna N+2 i gcás gach clár. | ✓ | ✓ | ✓ | MA/C RT/SC |

# IARSCRÍBHINN B
# CAIRT EAGRÚCHÁIN


PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
Béal
OIFIG AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Cúntóir Pearsanta
Foireann Tacaío
COMHRÚNAÍOCHT THEICNIÚIL
Stiúrthóir Béal
ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA
Stiúrthóir Béal
SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
Stiúrthóir Béal
Bainisteoir Clár Muineachán
Foireann Tacaíoc
Bainisteoir Clár An Ómaigh
Foireann Tacaío
Bainisteoir Clár Béal Feirste
Foireann Tacaío
Rialaitheoir Clár An Ómaigh
Foireann Fíoraithe An
Foireann Fíoraithe/Iniúchta Muineach
Foireann Fíoraithe/Iniúchta Béal
Bainisteoir Clár Béal Feirste
Foireann Tacaío
TF
Bainisteoir TF Béal
Foireann Tacaío
AIRGEADAS CORPARÁIDEACH
Cuntasóir
Foireann Tacaío
ÚDARÁS DEIMHNIÚCHÁIN
Bainisteoir Airgeadais
Foireann Tacaío
ACMHAINNÍ DAONNA
Bainisteoir
Foireann Tacaío
CUMARSÁID
Bainisteoir Cumarsáide Béal Feirste
Foireann Tacaío

# IARSCRÍBHINN C

# LEITHDHÁILEADH MOLTA AN BHUISÉID

# (£ agus €)

**Plean Gnó Corparáideach Achoimre - buiséad molta 2014 agus Leithdháileadh Táscach Pro Forma (Steirling)**

| Comhlacht Thuaidh Theas | Buiséad Faofa 2013 | Buiséad Molta 2014 | | | Buiséad Táscach 2015 | | | Buiséad Táscach 2016 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €1 = £0.86 | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán |
| | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 |
| **Costais na gClár** | | | | | | | | | | |
| **Síocháin III** | **54,985** | **49,149** | **-** | **49,149** | **42,699** | **-** | **42,699** | **-** | **-** | **-** |
| Tuaisceart Éireann | 35,048 | 31,327 | - | 31,327 | 27,216 | - | 27,216 | - | - | - |
| Poblacht na hÉireann | 19,937 | 17,822 | - | 17,822 | 15,483 | - | 15,483 | - | - | - |
| | | | | | | | | | | - |
| **Interreg IVA** | **40,761** | **28,979** | **23,415** | **52,394** | **24,868** | **16,468** | **41,336** | **-** | **-** | **-** |
| Tuaisceart Éireann | 31,746 | 22,123 | 17,633 | 39,756 | 19,203 | 12,709 | 31,913 | - | - | - |
| Poblacht na hÉireann | 9,435 | 6,855 | 5,783 | 12,638 | 5,664 | 3,759 | 9,423 | - | - | - |
| | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas Iomlán na gClár** | **95,746** | **78,128** | **23,415** | **101,543** | **67,567** | **16,468** | **84,035** | **-** | **-** | **-** |
| | | | | | | | | | | |
| **Costais na gClár Nua** | **-** | **-** | **-** | **-** | **4,300** | **-** | **4,300** | **21,500** | **-** | **21,500** |
| **Síochán IV** | - | - | - | - | 2,150 | - | 2,150 | 10,750 | - | 10,750 |
| **Interreg V** | - | - | - | - | 2,150 | - | 2,150 | 10,750 | - | 10,750 |
| | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas Iomlán na gClár** | **95,746** | **78,128** | **23,415** | **101,543** | **71,867** | **16,468** | **88,335** | **21,500** | **-** | **21,500** |
| | | | | | | | | | | |
| Costais Phá | 1,290 | 1,202 | - | 1,202 | 1,111 | - | 1,111 | 1,011 | - | 1,011 |
| Costais Phinsean | 7 | 7 | - | 7 | 7 | - | 7 | 21 | - | 21 |
| Costais Riaracháin Neamh-Phá | 611 | 583 | 40 | 623 | 599 | 40 | 639 | 609 | 40 | 649 |
| **Iomlán na gCostas Cómhaoinithe Riaracháin** | **1,908** | **1,792** | **40** | **1,832** | **1,717** | **40** | **1,757** | **1,641** | **40** | **1,681** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **(ii) Costais arna Maoiniú ag an Tuaisceart Amháin** | | | | | | | | | | |
| Costais Phá | 110 | 103 | - | 103 | 95 | - | 95 | 88 | - | 88 |
| Costais Phinsean | 33 | 34 | - | 34 | 35 | - | 35 | 36 | - | 36 |
| Costais Riaracháin Neamh-Phá | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán na gCostas Riaracháin arna Maoiniú ag an** | **143** | **137** | **-** | **137** | **130** | **-** | **130** | **124** | **-** | **124** |
| **Iomlán na gCostas Riaracháin** | **2,051** | **1,929** | **40** | **1,969** | **1,847** | **40** | **1,887** | **1,765** | **40** | **1,805** |
| | | | | | | | | | | |
| **Iomlán an Chaiteachais Fhoriomláin (Cláir agus Riarachán)** | **97,797** | **80,057** | **23,455** | **103,512** | **73,714** | **16,508** | **90,222** | **23,265** | **40** | **23,305** |
| **Céatadán iníoctha ag TÉ** | **69%** | **68%** | **75%** | **70%** | **67%** | **77%** | **67%** | **50%** | **50%** | **50%** |
| **Céatadán iníoctha ag an bPoblacht** | **31%** | **32%** | **25%** | **30%** | **33%** | **23%** | **29%** | **50%** | **50%** | **50%** |
| Líon Foirne Reatha/Réamh-mheasta | 60 | | | 57 | | | 57 | | | 57 |

Cur síos le tacú le figiúirí caiteachais:

- **Tá gach figiúr i £'000 Stg agus úsáideadh ráta pleanála €1 = £0.86.**
- **Maoiníonn Tuaisceart Éireann 53% de na costais riaracháin agus Éire 47% díobh**

Úsáideadh na toimhdí pleanála seo a leanas maidir le Caiteachas iomlán Buiséadaithe do na Cláir:

- Léiríonn na figiúirí in Iarscríbhinn C ranníocaíochtaí CFRE agus ranníocaíochtaí meaitseála na Poblachta agus Thuaisceart Éireann agus an eilimint ERDF amháin i gcás na hAlban, áit a soláthraíonn na tionscadail a maoiniú meaitseála féin (nach sreabhfaidh tríd an FCSAE).
- Tá iarratas an bhuiséid bunaithe ar anailís ar na tionscadail a ceadaíodh agus ar thionscadail a mheastar a cheadófar mar aon le meastacháin faoi chaiteachas, lena n-áirítear comhairliúchán le príomhpháirtithe tionscadail. Déanann an FCSAE na réamhaisnéisí seo a choigeartú ansin chun sciorradh comhchoiteann ar chaiteachas tionscadail a chur san áireamh, agus le cur san áireamh na himpleachtaí ó thaobh shreabhadh airgid a bhainfidh le réamhíocaíochtaí caiteachais ar thionscadail a dheonú chun gníomhaíocht a éascú. Is é an sprioc maidir le caiteachas ar chláir atá leagtha síos ag an gCoimisiún an rud is tábhachtaí ar fad.
- Tá figiúirí ainmniúla do na cláir nua curtha san áireamh do 2015 agus 2016, ag baint úsáide as scoilteadh 50/50 Thuaidh agus Theas, agus iad sannta mar 100% 'Reatha'. Níl an scoilteadh idir Thuaidh agus Theas ná an scoilteadh idir Caipiteal agus Acmhainní ar fáil go fóill.

Is sna costais riarachán a bhainfear amach 12% den choigilteas éifeachtúlachta thar 3 bliana, i gcomparáid le bunlíne na bliana 2013.

**Achoimre ar Phlean Gnó Corparáideach - Buiséad Molta agus Athbhreithnithe 2014 agus Leithdháileadh Táscach (Euro)**

| Comhlacht Thuaidh Theas | Buiséad Faofa 2013 | Buiséad Molta 2014 | | | Buiséad Táscach 2015 | | | Buiséad Táscach 2016 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €1 = £0.86 | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán | Reatha | Caipiteal | Iomlán |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Costais na gClár** | | | | | | | | | | |
| **Síocháin III** | **67,055** | **57,150** | **-** | **57,150** | **49,650** | **-** | **49,650** | **-** | **-** | **-** |
| Tuaisceart Éireann | 42,741 | 36,427 | - | 36,427 | 31,647 | - | 31,647 | - | - | - |
| Poblacht na hÉireann | 24,314 | 20,723 | - | 20,723 | 18,003 | - | 18,003 | - | - | - |
| | | | | | | | | | | - |
| **Interreg IVA** | **49,708** | **33,696** | **27,227** | **60,923** | **28,916** | **19,149** | **48,065** | **-** | **-** | **-** |
| Tuaisceart Éireann | 38,202 | 25,725 | 20,503 | 46,228 | 22,330 | 14,778 | 37,108 | - | - | - |
| Poblacht na hÉireann | 11,506 | 7,971 | 6,724 | 14,695 | 6,586 | 4,371 | 10,957 | - | - | - |
| | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas Iomlán an Chláir Reatha** | **116,763** | **90,846** | **27,227** | **118,073** | **78,566** | **19,149** | **97,715** | **-** | **-** | **-** |
| | | | | | | | | | | |
| **2014 -2020 Costais na gClár** | **-** | **-** | **-** | **-** | **5,000** | **-** | **5,000** | **25,000** | **-** | **25,000** |
| **Síocháin IV** | - | - | - | | 2,500 | - | 2,500 | 12,500 | - | 12,500 |
| **Interreg V** | - | - | - | | 2,500 | - | 2,500 | 12,500 | - | 12,500 |
| | | | | | | | | | | |
| **Caiteachas Iomlán na gClár** | **116,763** | **90,846** | **27,227** | **14,695** | **83,566** | **19,149** | **102,715** | **25,000** | **-** | **25,000** |
| | | | | | | | | | | |
| Costais Phá | 1,573 | 1,398 | - | 1,398 | 1,292 | - | 1,292 | 1,176 | - | 1,176 |
| Costais Phinsean | 9 | 8 | - | 8 | 8 | - | 8 | 24 | - | 24 |
| Costais Riaracháin Neamh-Phá | 745 | 678 | 47 | 724 | 697 | 47 | 743 | 708 | 47 | 755 |
| **Iomlán na gCostas Cómhaoinithe Riaracháin** | **2,327** | **2,084** | **47** | **2,130** | **1,997** | **47** | **2,043** | **1,908** | **47** | **1,955** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **(ii) Costais arna Maoiniú ag an Tuaisceart Amháin** | | | | | | | | | | |
| Costais Phá | 134 | 120 | - | 120 | 110 | - | 110 | 102 | - | 102 |
| Costais Phinsean | 40 | 40 | - | 40 | 41 | - | 41 | 42 | - | 42 |
| Costais Riaracháin Neamh-Phá | | - | - | - | - | - | 0 | - | - | - |
| **Iomlán na gCostas Riaracháin arna Maoiniú ag an** | **174** | **159** | **-** | **159** | **151** | **-** | **151** | **144** | **-** | **144** |
| **Iomlán na gCostas Riaracháin** | **2,501** | **2,243** | **47** | **2,290** | **2,148** | **47** | **2,194** | **2,052** | **47** | **2,099** |
| | | | | | | | | | | |
| **Iomlán an Chaiteachais Fhoriomláin (Cláir agus Riarachán)** | **119,264** | **93,089** | **27,274** | **120,363** | **85,714** | **19,195** | **104,909** | **27,052** | **47** | **27,099** |
| **Céatadán iníoctha ag TÉ** | **69%** | **68%** | **75%** | **70%** | **67%** | **77%** | **69%** | **50%** | **50%** | **50%** |
| **Céatadán iníoctha ag an bPoblacht** | **31%** | **32%** | **25%** | **30%** | **33%** | **23%** | **31%** | **50%** | **50%** | **50%** |
| Líon Foirne Reatha/Réamh-mheasta | 60 | | | 57 | | | 57 | | | 57 |

Cur síos le tacú le figiúirí caiteachais:

- **Tá gach figiúr i £'000 Stg agus úsáideadh ráta pleanála €1 = £0.86.**
- **Maoiníonn Tuaisceart Éireann 53% de na costais riaracháin agus Éire 47% díobh**

Úsáideadh na toimhdí pleanála seo a leanas maidir le Caiteachas iomlán Buiséadaithe do na Cláir:

- Léiríonn na figiúirí in Iarscríbhinn C ranníocaíochtaí CFRE agus ranníocaíochtaí meaitseála na Poblachta agus Thuaisceart Éireann agus an eilimint ERDF amháin i gcás na hAlban, áit a soláthraíonn na tionscadail a maoiniú meaitseála féin (nach sreabhfaidh tríd an FCSAE).
- Tá iarratas an bhuiséid bunaithe ar anailís ar na tionscadail a ceadaíodh agus ar thionscadail a mheastar a cheadófar mar aon le meastacháin faoi chaiteachas, lena n-áirítear comhairliúchán le príomhpháirtithe tionscadail. Déanann an FCSAE na réamhaisnéisí seo a choigeartú ansin chun sciorradh comhchoiteann ar chaiteachas tionscadail a chur san áireamh, agus le cur san áireamh na himpleachtaí ó thaobh shreabhadh airgid a bhainfidh le réamhíocaíochtaí caiteachais ar thionscadail a dheonú chun gníomhaíocht a éascú. Is é an sprioc maidir le caiteachas ar chláir atá leagtha síos ag an gCoimisiún an rud is tábhachtaí ar fad.

- Tá figiúirí ainmniúla do na cláir nua curtha san áireamh do 2015 agus 2016, ag baint úsáide as scoilteadh 50/50 Thuaidh agus Theas, agus iad sannta mar 100% 'Reatha'. Níl an scoilteadh idir Thuaidh agus Theas ná an scoilteadh idir Caipiteal agus Acmhainní ar fáil go fóill.

Is sna costais riarachán a bhainfear amach 12% den choigilteas éifeachtúlachta thar 3 bliana, i gcomparáid le bunlíne na bliana 2013.

# IARSCRÍBHINN D

# TÁBLA ÉIFEACHTÚLACHTA

FORAS THUAIDH/THEAS: **Foras Um Chláir Speisialta an AE**

Tá cur síos sa Phlean Soláthair ar na bearta a chuirfidh Foras um Chláir Speisialta an AE i bhfeidhm chun a spriocanna maidir le coigilteas a bhaint amach sa tréimhse 2014 - 2016.

**Clár Éifeachtúlachta**

Cuirfidh an Comhlacht éifeachtúlacht iomlán de **£'000/€'000** i gcrích ó 2014 go 2016 faoi mar a léirítear sa Tábla faoi Éifeachtúlacht Iomlán thíos.

| | Sterling | | | | Euro | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocann a maidir le hÉifeachtacht Iomlán (4% in aghaidh na bliana.** | **Bunlíne & Éifeachtúlacht Iomlán** | **2014 Coigilteas Éifeachtúlachta** | **2015 Coigilteas Éifeachtúlachta (Carntha)** | **2016 Coigilteas Éifeachtúlachta (Carntha)** | **Spriocann a maidir hÉifeachtacht Iomlán (4% in aghaidh na bliana.** | **Bunlíne & Éifeachtúlacht Iomlán** | **2014 Coigilteas Éifeachtúlachta** | **2015 Coigilteas Éifeachtúlachta (Carntha)** | **2016 Coigilteas Éifeachtúlachta (Carntha)** |
| | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Bunlíne ( buiséad faofa 2013) | ***2,051*** | | | | Bunlíne ( buiséad faofa 2010) | ***2,385*** | | | |
| Éifeachtúlacht Iomlán Riachtanach | ***246*** | ***82*** | ***164*** | ***246*** | Éifeachtúlacht Iomlán Riachtanach | ***286*** | ***95*** | ***191*** | ***286*** |